AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.6.2023
COM(2023) 368 final

2023/0211 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le soláthar seirbhísí euro dhigitigh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{COM(2023) 364 final} - {COM(2023) 369 final} - {SEC(2023) 257 final} - {SWD(2023) 233 final} - {SWD(2023) 234 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Leis an togra seo comhlánaítear Rialachán (AE) Uimh. (XXX/XXX) lena mbunaítear an euro digiteach i dtaca le seirbhísí euro dhigitigh arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstát nach é an euro an t-airgeadra ann. Is ar na Ballstáit inarb é an euro an t-airgeadra a dhírítear Rialachán (XXX/XXX) lena mbunaítear an euro digiteach. Chun a áirithiú go ndéanann údaráis inniúla an Bhallstáit nach é an euro an t-airgeadra ann maoirsiú leormhaith ar sholáthar seirbhísí euro dhigitigh sa limistéar euro arna dhéanamh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstát nach é an euro an t-airgeadra ann, is gá rialacha a leagan síos a mbeidh feidhm acu maidir leis na soláthraithe seirbhísí íocaíochta sin. Na rialacha lena rialaítear an rochtain ar an euro digiteach agus úsáid an euro dhigitigh i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu, tá siad ar fáil in Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. (XXX/XXX) maidir leis an euro digiteach a bhunú.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá an Rialachán seo i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, arna leasú le Treoir (AE) XXX/23. Déantar foráil sa Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta maidir le rialacha comhchuibhithe lena rialaítear saorsholáthar na seirbhísí íocaíochta ar fud an Aontais, agus ba cheart feidhm a bheith aici freisin maidir le hidirbheart íocaíochta in euro digiteach. Go sonrach, cuirfidh an Rialachán seo ar chumas soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu seirbhísí íocaíochta euro dhigitigh a thairiscint do chónaitheoirí an limistéir euro in éineacht le seirbhísí eile íocaíochta nó baincéireachta, trí bhíthin saorsholáthair seirbhísí nó saorbhunaithe.

• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá gá leis an Rialachán seo le haon ilroinnt laistigh den mhargadh inmheánach a sheachaint, óir ba cheart do gach soláthraí seirbhísí, gan beann ar a n-áit cheadúnaithe, a bheith in ann seirbhísí comhchosúla a chur ar fáil ar an mbealach is fearr chun fónamh do ghnóthais agus do dhaoine.

Tá an Rialachán seo i gcomhréir le Straitéisí Airgeadais Dhigitigh agus Íocaíochtaí Miondíola[1] an Choimisiúin. Cuireadh i dtábhacht sa Teachtaireacht sin go mbeadh euro digiteach mar spreagadh don nuálaíocht um íocaíochtaí, airgeadas agus tráchtáil i gcomhthéacs na n-iarrachtaí leanúnacha chun ilroinnt mhargadh íocaíochtaí miondíola an Aontais a laghdú. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta, cibé áit a mbeidís corpraithe san Aontas, seirbhísí euro dhigitigh a dháileadh dá bhrí sin chun a áirithiú go mbíonn leibhéal ard iomaíochta ann i measc soláthraithe seirbhísí íocaíochta.

[1] *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council and the Committee of the Regions on a Digital Finance Strategy for the EU* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas Eorpach], (COM/2020/591 final)

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 114 CFAE atá mar bhunús leis an Rialachán seo, mar a chéile le Treoir (AE) 2015/2366. Trí rialú a dhéanamh ar dháileadh seirbhísí euro dhigitigh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu, daingneofar leis an togra seo saorghluaiseacht na seirbhísí íocaíochta ar fud an Aontais. Áiritheofar leis an togra seo go mbeadh Soláthraithe seirbhísí íocaíochta, cibé áit a mbeidís corpraithe san Aontas, faoi réir ceanglais agus caighdeáin mhaoirseachta chomhchosúla a bhfuil gá leo chun an chobhsaíocht airgeadais a chosaint agus cothroime iomaíochta i measc na soláthraithe seirbhísí íocaíochta a ráthú.

- **Coimhdeacht**

Bheadh na forálacha ábhartha de Rialachán (AE) Uimh. XX maidir le bunú an euro dhigitigh infheidhme leis an Rialachán seo maidir le Soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu. Is é Airteagal 133 atá mar bhunús le Rialachán (AE) Uimh. XX maidir le bunú an euro dhigitigh, ar inniúlacht eisiach den Aontas é.

Ina theannta sin, i bhfianaise gurb é an cuspóir atá á shaothrú leis na bearta atá molta chun a áirithiú gurb infheidhme í reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, maidir le soláthar seirbhísí euro dhigitigh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu, is ar leibhéal an Aontais is fearr a bhainfear amach an méid sin seachas le tionscnaimh dhifriúla náisiúnta.

- **Comhréireacht**

Tá gá leis an Rialachán seo chun bacainní sa mhargadh inmheánach, idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe laistigh agus lasmuigh den limistéar euro, a chosc. Tá na hoibleagáidí sa Rialachán seo cosúil leis na cinn a leagtar síos sa Rialachán lena mbunaítear an euro digiteach, agus tá siad i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna a leagtar amach sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra sin.

- **An rogha ionstraime**

Is ionstraim iomchuí é Rialachán chun rannchuidiú le leabhar rialacha aonair a cheapadh, óir baineann feidhm ghinearálta leis agus tá sé ina cheangal go huile agus go hiomlán agus tá sé infheidhme go díreach i ngach ceann de na Ballstáit, rud lena mbaintear an fhéidearthacht maidir le difríochtaí cur i bhfeidhm sna Ballstáit dhifriúla.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Tá an togra seo bunaithe ar mheastóireachtaí *ex-post*, comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus measúnú tionchair a rinneadh i gcomhthéacs ullmhú an togra le haghaidh Rialachán maidir le bunú an euro dhigitigh. Cuireadh an measúnú tionchair ar an togra le haghaidh Rialachán maidir le bunú an euro dhigitigh faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála an 14 Deireadh Fómhair 2022 agus formheasadh é an 25 Aibreán 2023.

Ar chúiseanna na comhsheasmhachta laistigh den Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta, tá an ceart ag gach soláthraí seirbhísí íocaíochta an Aontais seirbhís íocaíochta euro dhigitigh a dháileadh sa limistéar euro. Cuirfidh sé sin a thuilleadh le margadh íocaíochta miondíola atá nuálach agus iomaíoch.

I dtéarmaí na gceart bunúsach, áirithítear go sonrach leis an togra seo go dtairbhíonn na soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu den tsaoirse fiontraíochta (soláthar seirbhísí euro dhigitigh) faoi Airteagal 16 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Sonraítear a thuilleadh an urraim do chearta bunúsacha eile sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le bunú an euro dhigitigh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an Rialachán seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Is féidir faireachán a dhéanamh ar an gcuspóir maidir lena áirithiú gur féidir leis an airgead arna eisiúint ag banc ceannais, an euro, tacú leis an Aontas trí riachtanais íocaíochta sa ré dhigiteach a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach bunaithe ar shonraí ó na soláthraithe seirbhísí íocaíochta, ó cheannaithe agus ón mBanc Ceannais Eorpach. D'fhéadfadh líon agus méid iomlán na n-íocaíochtaí miondíola in euro digiteach agus a sciar coibhneasta i gcomparáid le hacmhainní íocaíochta eile a bheith mar na príomhtháscairí chun faireachán a dhéanamh ar úsáid an euro dhigitigh i ngeilleagar digitithe an Aontais Eorpaigh.

Áirítear sa togra plean ginearálta chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na gcuspóirí sonracha, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún an chéad athbhreithniú a dhéanamh 3 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin (agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin), agus tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar a phríomhthorthaí. Tá an t-athbhreithniú le déanamh i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ábhar (Airteagal 1)

Is é is cuspóir don Rialachán seo rialacha a leagan síos maidir leis na hoibleagáidí sonracha a urramóidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu agus an euro digiteach á dháileadh agus maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú na n-oibleagáidí sin.

Dáileadh an euro dhigitigh (Airteagal 3)

Gan dochar do Chaibidil V de Rialachán (AE) Uimh. (XXX/XXX) maidir le bunú an euro dhigitigh lena rialaítear rochtain agus úsáid an euro dhigitigh lasmuigh den limistéar euro, ba cheart soláthar seirbhísí euro dhigitigh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu a dhíriú go príomha (i) ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó bunaithe sna Ballstáit inarb é an euro an t-airgeadra, (ii) ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a d'oscail cuntas euro dhigitigh an tráth a bhí siad ina gcónaí nó bunaithe sna Ballstáit inarb é an euro an t-airgeadra, ach nach bhfuil ina gcónaí ná nach bhfuil bunaithe a thuilleadh sna Ballstáit sin, (iii) ar chuairteoirí atá faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 20 den Rialachán lena mbunaítear an euro digiteach.

Féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá údaraithe lasmuigh den limistéar euro na seirbhísí sin a chur ar fáil trí bhíthin saorbhunaithe nó saorsholáthair seirbhísí faoi Threoir 2015/2366.

An dlí is infheidhme agus údaráis inniúla (Airteagail 4 go 6)

Soiléirítear le hAirteagal 5 go bhfuil feidhm maidir leis an euro digiteach ag Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 25 Samhain 2015, maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, arna leasú le Treoir (AE) [*cuir isteach tagairt - togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid sa mhargadh inmheánach lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2015/2366/AE agus 2009/110/CE - COM(2023) 366 final*]. Foráiltear leis an Treoir sin gur cheart airgead bainc cheannais a eisítear le haghaidh úsáid mhiondíola, agus ní hamháin nótaí bainc agus monaí, a mheas mar 'chistí' de réir bhrí na Treorach sin. Mar an gcéanna, ba cheart feidhm a bheith ag an gcreat um an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT) a leagtar síos i dTreoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 20 Bealtaine 2015, maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí, maidir leis an euro digiteach.

Féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu an euro digiteach a dháileadh, faoi réir chórais maoirseachta agus smachtbhannaí na mBallstát nach é an euro an t-airgeadra iontu.

Cé go mbeadh údaráis inniúla faoi Threoir 2015/2366 agus Treoir 2015/849 freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar aon oibleagáid a leagtar síos sna Gníomhartha Comhphobail agus na hoibleagáidí sin a fhorfheidhmiú, bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, bheadh na húdaráis inniúla chéanna freagrach freisin as urraim a áirithiú d'fhorálacha ábhartha an Rialacháin lena mbunaítear an euro digiteach mar a shonraítear faoin Rialachán seo.

Ba cheart feidhm a bheith freisin ag socruithe maoirseachta idir údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus údaráis inniúla na mBallstát óstach a leagtar síos faoi Threoir 2015/2366 agus Treoir 2015/849 maidir leis an euro digiteach.

Forálacha críochnaitheacha (Airteagal 8)

Ba cheart don Rialachán teacht i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2023/0211 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le soláthar seirbhísí euro dhigitigh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuir an Coimisiún i dtábhacht sna Straitéisí Airgeadais Dhigitigh agus Íocaíochtaí Miondíola[4] ó mhí Mheán Fómhair 2020 go bhfeidhmeodh euro digiteach, mar airgeadra digiteach miondíola de bhanc ceannais, mar spreagadh don nuálaíocht maidir le híocaíochtaí, airgeadas agus tráchtáil i gcomhthéacs na n-iarrachtaí leanúnacha chun ilroinnt mhargadh íocaíochtaí miondíola an Aontais a laghdú.

(2) Le Rialachán (AE) [*cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh – COM(2023) 369 final*] maidir le bunú an euro dhigitigh, bunaítear an euro digiteach agus leagtar síos na rialacha maidir leis, go háirithe a mhéid a bhaineann lena stádas dlíthairisceana, lena dháileadh, úsáid agus gnéithe fíor-riachtanacha, d'fhonn an euro a oiriúnú d'athruithe teicneolaíochta agus a úsáid mar airgeadra aonair a áirithiú.

(3) Tá sé fíor-riachtanach chun a áirithiú go bhféadann gach soláthraí seirbhísí íocaíochta, cé acu atá nó nach bhfuil siad corpraithe i mBallstáit inarb é an euro an t-airgeadra nó i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu, an euro digiteach a dháileadh agus a saoirse a fheidhmiú dá bhrí sin chun seirbhísí a sholáthar laistigh den Aontas.

---

2 IO C […], […], lch. […].

3 IO C […], […], lch. […].

4 *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council and the Committee of the Regions on a Digital Finance Strategy for the EU* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas Eorpach], (COM/2020/591 final)

Rannchuideodh soláthar seirbhísí íocaíochta euro dhigitigh ag gach soláthraí seirbhísí íocaíochta le leibhéal ard nuálaíochta, d'éascódh sé íocaíochtaí agus mhéadódh sé an iomaíocht ar fud an Aontais, agus tá gá leis chun sláine an mhargaidh aonair a chosaint. Ba cheart do gach soláthraí seirbhísí íocaíochta atá corpraithe san Aontas a bheith in ann dá bhrí sin seirbhísí euro dhigitigh a dháileadh faoi na coinníollacha céanna le daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe sna Ballstáit inarb é an euro an t-airgeadra, le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a d'oscail cuntas euro dhigitigh an tráth a bhí siad ina gcónaí nó bunaithe sna Ballstáit inarb é an euro an t-airgeadra, ach nach bhfuil ina gcónaí ná nach bhfuil bunaithe a thuilleadh sna Ballstáit sin, agus le cuairteoirí sa limistéar euro. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu a bheith in ann an euro digiteach a dháileadh freisin ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile atá ina gcónaí nó bunaithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu agus i dtíortha eile an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch nó in aon tríú tír atá faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) *[cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh – COM(2023) 369 final]*.

(4) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu na rialacha céanna a chur i bhfeidhm le soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit inarb é an euro an t-airgeadra chun an euro digiteach a dháileadh. Tá sé sin fíor-riachtanach chun a áirithiú go ndéantar dáileadh an euro dhigitigh ag gach soláthraí seirbhísí íocaíochta atá corpraithe san Aontas ar bhealach aonfhoirmeach.

(5) Ba cheart do sholáthar seirbhísí íocaíochta euro dhigitigh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu a bheith faoi réir na gcaighdeán maoirseachta céanna leo siúd a chuirtear i bhfeidhm ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit inarb é an euro an t-airgeadra. Chun na críche sin, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha ábhartha de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], arna hionadú le Treoir (AE) *[cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Treoir maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid sa mhargadh inmheánach – COM/2023/366 final]*, agus de Threoir (AE) 2015/843[6] arna hionadú le Treoir (AE) *[cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Treorach maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac-COM/2021/423 final]*,ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis an maoirseacht a dhéanann údaráis inniúla agus an córas smachtbhannaí agus na socruithe maoirseachta idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach a mhéid a bhaineann le soláthar seirbhísí íocaíochta euro dhigitigh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá bunaithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu.

(6) Mar an gcéanna, mar atá i gcás údaráis inniúla na mBallstát arb é an euro an t-airgeadra iontu faoi Rialachán (AE) [*cuir isteach tagairt – togra le haghaidh*

---

5 Treoir (AE) Uimh. 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

6 Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh – COM(2023) 369 final], ba cheart do na húdaráis inniúla atá freagrach faoi Threoir (AE) 2015/2366 as maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí íocaíochta dul i gcomhar freisin leis an mBanc Ceannais Eorpach chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm oibleagáidí i ndáil le híocaíochtaí a leagtar síos i Rialachán (AE) *[cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh – COM(2023) 369 final]*.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 4, pointe (25), de Threoir 2015/2366, ciallaíonn cistí nótaí bainc agus monaí, airgead taisce nó ríomh-airgead. Mar chineál nua airgid bainc cheannais ag a bhfuil dlíthairiscint, ba cheart an euro digiteach a mheas mar chistí faoi Threoir 2015/2366 arna hionadú le Treoir (AE) *[cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Treoir maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid sa mhargadh inmheánach - COM/2023/366 final]*, lena leathnaítear an sainmhíniú ar chistí chun gach cineál airgid bainc cheannais a eisítear le haghaidh úsáid mhiondíola a chumhdach. Ba cheart an sainmhíniú céanna ar chistí a áireamh i Rialachán (AE) 2021/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le híocaíochtaí trasteorann san Aontas.

(8) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leormhaith óir ba cheart na rialacha is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith mar an gcéanna gan beann ar cé acu atá siad corpraithe i mBallstát inarb é an euro an t-airgeadra nó nach bhfuil, ach gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug siad a gcomhthuairim an [XX XX 2023],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Ábhar agus raon feidhme

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) na hoibleagáidí sonracha a chuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta i bhfeidhm atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu agus seirbhísí íocaíochta euro dhigitigh á gcur ar fáil acu;

(b) maoirseacht agus forfheidhmiú na n-oibleagáidí dá dtagraítear i bpointe (a) ag na Ballstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu;

(c) na hoibleagáidí sonracha a dhéanfaidh monaróirí trealaimh bunaidh gaireas móibíleach agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí de réir bhrí Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2018/1972 atá bunaithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu, beidh feidhm leo i ndáil leis an euro digiteach.

Airteagal 2
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn ‘euro digiteach’ an fhoirm dhigiteach den airgeadra aonair atá ar fáil do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 1 de Rialachán (AE) [*cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh – COM(2023) 369 final*];

2. ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí íocaíochta’ soláthraí seirbhísí íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (11) de Threoir 2015/2366;

3. ciallaíonn ‘seirbhís íocaíochta euro dhigitigh’ ‘seirbhís íocaíochta euro dhigitigh’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2 pointe (8) de Rialachán (AE) [*cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh – COM(2023) 369 final*];

4. ciallaíonn ‘cónaí’ an áit ina gcónaíonn duine nádúrtha go dlíthiúil san Aontas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Threoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7];

5. ciallaíonn ‘cuairteoir’ duine nádúrtha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 22, de Rialachán (AE) [*cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh – COM(2023) 369 final*];

6. Ciallaíonn ‘Ballstát nach é an euro an t-airgeadra ann’ Ballstát mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 23, de Rialachán (AE) [*cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh – COM(2023) 369 final*];

7. ciallaíonn ‘gaireas móibíleach’ gaireas móibíleach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 31, de Rialachán (AE) [*cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh – COM(2023) 369 final*].

Airteagal 3
Soláthar seirbhísí íocaíochta euro dhigitigh

Faoi chuimsiú Threoir (AE) 2015/2366, féadann soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe sna Ballstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu seirbhísí íocaíochta euro dhigitigh a chur ar fáil dóibh seo a leanas:

(a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe sna Ballstáit inarb é an euro an t-airgeadra;

(b) daoine nádúrtha agus dlítheanacha a d’oscail cuntas euro dhigitigh tráth a bhí siad ina gcónaí nó bunaithe sna Ballstáit inarb é an euro an t-airgeadra, ach nach bhfuil ina gcónaí ná nach bhfuil bunaithe sna Ballstáit sin a thuilleadh;

(c) cuairteoirí;

[7] Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le malartú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu (IO L 257, 28.8.2014, lch. 214).

(d) daoine nádúrtha agus dlítheanacha atá ina gcónaí nó bunaithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 18 de Rialachán (AE) [*cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh - COM(2023) 369 final*];

(e) daoine nádúrtha agus dlítheanacha atá ina gcónaí i dtríú tíortha, lena n-áirítear críocha atá faoi chomhaontú airgeadaíochta leis an Aontas Eorpach, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos Airteagail 19 agus 20 de Rialachán (AE) [*cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh - COM(2023) 369 final*].

Airteagal 4
An dlí is infheidhme

1. Na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 13, Airteagal 14(1), Caibidil V, Airteagal 18, Caibidil VII, Caibidil VIII agus Caibidil IX de Rialachán (AE) Uimh. X maidir le bunú an euro dhigitigh, beidh siad infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe laistigh de chríoch Ballstát nach é an euro an t-airgeadra iontu a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta euro dhigitigh i gcomhréir le hAirteagal 1 den Rialachán seo.

   An ceanglas a leagtar síos in Airteagal 33 de Rialachán (AE) [*cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh – COM(2023) 369 final*], beidh sé infheidhme maidir le monaróirí trealaimh bhunaidh gaireas móibíleach agus maidir le soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí de réir bhrí Airteagal 2 (1) de Threoir (AE) 2018/1972 atá bunaithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu.

2. I gcomhréir le hAirteagal 4(25) de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 25 Samhain 2015, maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, arna leasú le Treoir (AE) *[cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Treoir maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid sa mhargadh inmheánach - COM/2023/366 final]*, beidh feidhm ag forálacha na Treorach sin maidir le hidirbhearta íocaíochta in euro digiteach.

3. I gcomhréir le hAirteagal 2(10) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le híocaíochtaí trasteorann san Aontas, beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin sin maidir le hidirbhearta íocaíochta in euro digiteach.

4. Gan dochar d'Airteagal 37 de Rialachán [*cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh – COM(2023) 369 final*], Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015, maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta, agus Rialachán (AE) Uimh. 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí, beidh feidhm aici maidir leis an euro digiteach.

Airteagal 5
Údaráis inniúla

1. Beidh feidhm ag Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an maoirseacht arna déanamh ag údaráis inniúla agus an

córas smachtbhannaí agus na socruithe maoirseachta idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach, a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí na soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá bunaithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu i ndáil leis an euro digiteach chun an Rialachán seo agus na hoibleagáidí dá dtagraítear i gCaibidlí IV, V, VI agus VII de Rialachán (AE) [*cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh – COM(2023) 369 final*].

2. Beidh feidhm ag Treoir (AE) 2015/843 maidir leis an maoirseacht arna déanamh ag údaráis inniúla agus an córas smachtbhannaí agus na socruithe maoirseachta idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí na soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu atá bunaithe i ndáil leis an euro digiteach chun an Rialachán seo agus na hoibleagáidí i gCaibidil IX de Rialachán (AE) *[cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh – COM(2023) 369 final] a chur i bhfeidhm.*

Airteagal 6
Comhar leis an mBanc Ceannais Eorpach

Chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chaibidlí IV, V agus VII de Rialachán (AE) *[cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh – COM(2023) 369 final]* rachaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 4(1) i gcomhar leis an mBanc Ceannais Eorpach.

Airteagal 7
Leasuithe

In ionad Airteagal 2(10) de Rialachán (AE) 2021/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le híocaíochtaí trasteorann san Aontas, cuirtear ‘ciallaíonn “cistí” airgead bainc cheannais a eisítear le haghaidh úsáid mhiondíola, airgead taisce nó ríomh-airgead’.

Airteagal 8
Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*